Ar aġaiḋ go Páirc an Ċrócaiġ !

Tá na Connallaiġ ag máirseáil

Tá sé beagnaċ bliain anois ó dúramar gurb é 1965, bliain Ṫírċonaill, agus is cosúil go bfuil sé a' ṫeaċt isteaċ fíor.

Níl a ḋaṫ ar biṫ le Dún na nGall a stopaḋ ó Ṗáirc an Ċrócaiġ anois, aċ, an dóċas astu féin. Agus ba ċóir go mbainfeaḋ an cluiċe le Ciarraí insan babta leaṫ-ċeannais léig sinsir. é sin astu.

I mBealaċ Féiċ, seaċtain go Domnaċ seo caite, léiríoḋ go soiléir, naċ bfuil a ḋaṫ ar biṫ i gCúige Ulaḋ, le Dún na nGall a stopaḋ i mbliana.

Cibé fá na rudaí a ṫárla i mBealaċ Féiċ, agus ba ṫrua gur ṫárla siad, níl a ḋaṫ ar biṫ le cur in éadan an ḟíorais. gur ṡeasaiġ 13 buaċaillí de ċuid Ḋún na nGall ar feaḋ ceaṫrú uaire, in éadan 14 de ċuid an Dúin. Agus ní aṁáin gur ṡeasaiġ siad a gcuid ḟéin, aċ d'éiriġ leo cúla eile a ṗléascaḋ isteaċ.

Is éaċt agus éaċt an mór é seo, a ċuireann peileadóirí Ḋún na nGall ar an ċéad scoṫ i gCúige Ulaḋ i mbliana.

Mar sin féin, níor ċeart barraíoċt a léaṁ as an mbuaiġ a fuair siad ag Bealaċ Féiċ, ná bí an Dún ċoṁ lag agus a bí siad ariaṁ, agus ní raiḃ spiorad ná sreacaḋ iontu. Bí an cluiċe garḃ ceart go leor, agus bí an ceart ag an maor, Ó Maṫúna, as Fearmanaċ. Indiaiḋ ceiṫre h-ainmneaċa a ġlacaḋ insan céad ceaṫrú-uaire, ċuir sé Tomás Ó Cadra as an Dún agus Des Noulihane de ḟoireann Ḋún na nGall go dtí an taoḃ-líne.

Ní raiḃ sé aċ cúpla bomaite 'na ḋiaiḋ sin gur ċuir sé Seán Feiríteár an bealaċ céanna. Aċ, má bí sé ceart sa ṁéid a rinne sé, ní ḋéarna sé a ḋaṫ ar biṫ leis an luċt féaċana a ċiúiniú, agus 'un donais a ċuaiġ siad 'na ḋiaiḋ sin. Agus sin uiliġ ráite, ní ṫig a ṡéanaḋ ná go raiḃ peil snasta ceirdiúil ḋá imirt ag bunaḋ Ḋún na nGall ar feaḋ na h-uaire.

Bí Dún na nGall in uaċtar ar fad i lár ṗáirce, an áit a raiḃ Proinnsias Mac Fiċille agus Seán Feiríteár i bfad, i bfad ós cionn péire Ċondae an Dúin. Bí an leaṫ tosaí, ní haṁáin lár na páirce, faoi na smaċt, agus Mac Fiċille, a ġlac, treasnú ó Ó hUallaċáin, leis an ċéad ċúl ḋá ṗléascaḋ isteaċ go dtí an eangaċ.

Bí Dún na nGall ar tús 1-5 in éadan 0-2 ag leaṫ ama. Agus is ag brú a bí siad ar fad.

Aċ, is ar an todċaí a ċaiṫfear aġaiḋ a ṫabairt anois, agus ní miste a beiṫ ag ullmú fá ċoinne na gcluiċí insan Ċraoḃ Ċomórtas mar is ar na cluiċí seo, agus an dóiġe a ṫaispeáineann agus a ċruṫaíonn an ḟoireann, a béas an Ċraoḃ Ċluiċe ag braṫ, agus ní hé an Ċraoḃ Ċluiċe anois an baol is mó, aċ an cluiċe leaṫ-ċeannais. Tuairim go cinnte, go mbeiḋ craoḃ Ulaḋ ag Dún na nGall i mbliana. An bfáiġ siad buaiġ insan ċluiċe leaṫ-ċeannais le dul go Páirc an Ċrócaiġ do Ċraoḃ Ċluiċe na hÉireann? Sin an ċeist ṁór i láṫair na h-uaire.

Agus ar na h-imirṫeoirí agus an Bainisteoir atá sé ag braṫ.

Cnoc Ṁuire

Anuraiḋ, bí os cionn 16,000 cailíní agus mílte dá gcuid tuismiṫeoirí ar oiliṫreaċt speisialta go Cnoc Ṁuire, oiliṫreaċt do ċailíní. I mbliana, tá sé i gceist go mbeaḋ a leiṫéid eile do oiliṫreaċt ann do ḃuaċaillí. Ar an Domnaċ seo ċugainn, an9ú lá de Bealtaine. Meastar go mbeiḋ buaċaillí ó Ċoláiste scoileanna, agus paráistí ar fud na tíre ag glacaḋ páirt ann. Tá fáilte roiṁ tuismiṫeoirí agus daoine fásta ċoṁ maiṫ. Fágfaiḋ traen speisialta Gaillim do Cnoc Ṁuire ag 12.55 ag teaċt arais ar a 7 a' ċlog. Tá turasanna bus ḋá n-eagrú freisin ó mórán áiteaċa.

Dá Ċondae Ġaeltaċta

Tá craoḃ léig na hÉireann le h-imirt idir an dá ṗríoṁ ċondae Gaeltaċta, Ciarraí agus Gaillim. Fuair Gaillim an áit insan ġlóir arís i mbliana nuair a buaiġ siad go h-éasca ar Ċondae na Míḋe tá seaċtain ó ṡin. Beiḋ suim ar leiṫ insan ċoiṁlint a béas idir an dá ḟaṫaċ móra —an dá ċondae Gaeltaċta freisin, sa peil Gaelaċ. Gaillim agus Ciarraí, agus is cinnte go mbeiḋ coiṁlint géar ann, agus go mbeiḋ sé mar roiṁ-léiriú ar goidé mar raċfas rudaí insan Ċraoḃ cluiċe a béas ag tosnú gan ṁoill.

TÍR NA nÓG

Coláiste Crónа

Ára Ṁór,

Tírċonaill.

Nuair a ṫiocfas an Saṁraḋ 's teas insan spéir
Fág slán ag na leaḃair a's ag saoṫrú an léinn,
Bí linn ins na bádaí ċuig Uí Breasail na nGael
A's i nÁrainn an Aoiḃnis ġeoḃair spórt agus scléip.

Cursai

30/6/65 —— 24/7/65
27/7/65 —— 20/8/65

Clár agus gach eolas ó'n Rúnaí, Coláiste Crónа, Ára Mór

no AMARACH, Ceanannus Mor.

Cuir d'áit in áirithe gan mhoill.

Gaeilgeoirí ag Cnoc Muire

Dé Domnaiġ seo caite bí an ċéad oiliṫreaċt den bliain seo, go dtí scrín Cnoc Ṁuire. "An Réalt" a d'eagraiġ an oiliṫreaċt ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ, agus Gaeilgeoirí ar fad a bí air.

Ċuaiġ traen speisialta leo ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ agus ag Cnoc Ṁuire, buail siad le scaifte eile de oiliṫriġ Gaelaċa a ṫáiniġ i mbusanna ón Ċeaṫrú Rua, agus aċan áit ar fud Gaeltaċt an Iarṫair. Bí scata ar leiṫ ó Oileáin Árainn. I nGaeilge ar fad a bí an tearmanas ag scrín Cnoc Ṁuire.

Ṫosnaiġ sé le Turas na Croise ag 3.15 agus bí Aifreann Solúnta ag a 4 a' ċlog, a léiġ an tAṫair Benedict, O.D.C., Naoṁ Muire, Domnaċ Broc. Ṫug an tAṫair S. Mac Aṁlaiġ, S.I., Sr. Gairdnéir seanmóin ar leiṫ.

Críoċnaiġ na déaḃóideaċa le Beannaċt na Naoṁ Ṡacraiminte. Bí slua mór de Ġaeilgeoirí i láṫair.

An Domnaċ dár gcionn bí an turas oifigiúil ó Árd Deoise Ṫuama.

Ard Caiġdean Drámaí sa Rinn

Aṁarclann beo le tacaíoċt gná ṁuintir

Bí ós cionn scór foirne a ċur isteaċ ar féile Drámaíoċt na Rinne. agus a léiriġ drámaí insan halla mór sa Ċoláiste ar feaḋ na seaċtaine seo caite. Bí foirne ó Ċorcaí, Luimneaċ, Conamara, Portláirge féin, Baile Áṫa Cliaṫ agus ceann ó Ċoláiste na Trionóide.

I roinn na scoileanna bí foirne ó Conamara, agus ó Corcaí, ċoṁ maiṫ le ó Ṗortláirge féin.

An tAṫair U. de Paor. a d'oscail an Ḟéile Drámaíoċta, agus ar an ċéad oíċe, muintir Ḋún Garḃáin a ċur ḋá dráma ar an ardán, agus an foireann ó Ċorcaí coṁ maiṫ.

Bí slua mór i láṫair ar feaḋ na seaċtaine agus baineaḋ ana taiṫneaṁ as na léiriṫe.

Baile Ṁúirne

Bí scata mór i láṫair ag an bfleaḋ Ceoil i mBaile Ṁúirne tráṫnóna Domnaċ Cásca. Ba tréan a labair an Dr. Ó Tuama faoi an éagóir a bí ḋá ḋéanaṁ ag Telefís Éireann ar an Ġaeltaċt agus ar an gcultúr Gaelaċ, agus dúirt sé, éinne a ċuireaḋ fé i nGaeltaċt cáiliúil Béal Áṫa an Gaorṫaiḋ, ar feaḋ fiú oíċe aṁáin, go bfeicfeaḋ sé go raiḃ cúis maiṫ leis an ċáineaḋ a bí ar siúl aige.

Ní raiḃ éisteaċ ró ṁaiṫ ó Radio Éireann, adúirt sé, taréis titim na h-oíċe. Agus mar sin de, bí gléas telefíse i ngaċ tiġ, agus Béarla ḋá stealladh go rialta do ṗáistí na Gaeltaċta.

Níorḃ aon íonaḋ, adúirt sé, dá ḃrí sin, gur Béarla (cé gur Béarla an ḃriste ar ndó) a bí le cloisteáil níos minicí na Gaoḋluinn, taoḃ aṁuiġ le geata an tséipéil Dé Domnaiġ i gCúil Aoḋa féin anois. Seán Ó Riaḋa a bí na ṁoltóir ar na comórtaisí don tsean nós agus fuair Seán Ó Liaṫáin an ċéad duais, agus Eoin Harris agus Siuḃán Ní Luasa an ċoṁ-ċéim don dara duais. Bí oíċe spóirt agus scléip in halla Ċúil Aoḋa an oíċe ċéanna agus slua maiṫ i láṫair, maraon le scata ó Ard Ḟeis Ċonraḋ na Gaeilge, Béal Áṫa an Ġaorṫaiḋ. Bí Miċeál Ó Riabaiġ ina ṁoltóir ar na comórtaisí Dé Luain, agus fuair Muintir Ċúil Aoḋa— triúr cailíní — Eilís Ní Ṡúilleaḃáin, Siuḃán agus Nóra Ní Luasa, an ċéad áit, agus grúpa ó Ċumann Ċoláiste Ollscoile Corcaí an dara h-áit, agus muintir Ḃaile Ṁúirne an triú áit. Tugaḋ duais ar leiṫ do Terri Func, macléinn Eilḃéiseaċ, a ċás aṁrán óna tír féin, ċoṁ maiṫ le bailéid na hÉireann. Tá neart Gaeilge aici, cé naċ bfuil sí dá foglaim aċ le naoi mí nó mar sin. Do bí coirmceoil do ḋuaiseoirí agus daoine eile a bí páirteaċ agus beirt do ċabaret Ċúil Aoḋa, Pat Ó Tuama agus Diarmad Ó Riordáin, ag deireaḋ an ḟleaḋ.

Ard Caiġdean ag Féile Drámaí an Oireaċtais

Ealaíon ṫar barr ag Spidéal agus Cloiċeannaola

Pádraig Ó Faċtna, T.D., Rúnaí Pairliminte don Ġaeltaċt a ḃronn na duaiseanna ag Féile Drámaí an Oireaċtais.

B'é seo an ċead ócáid poiblí ar labair sé ó ceapaḋ na Rúnaí Pairliminte é agus tugaimíd a óráid níos iomláine in áit eile san eagrán seo.

Bí seaċtain an taiṫneaṁ ar fad i halla an Damer, an tseaċtain seo caite, le linn do Ḟéile Drámaíoċta an Oireaċtais.

Deireaḋ na seaċtaine a b'ḟearr ar fad, nuair a bí foirne as Gaeltaċt an Tuaiscirt agus an Iarṫair ag léiriú.

Oíċe Aoine, léiriġ Cumann Drámaíoċta an Spidéil "An Srtáinséar Duḃ" agus an oíċe ċéanna ċuir Cumann Ċloiċeannaola. Gort a' Ċoirce, "Na Poachéirí" ar an ardán, agus b'ḟiú do ḋuine ar biṫ ḋul ar aṁarc ar an dá ḋrámaí sin.

Déanta na fírinne, bí siad ar ċaiġdéan ċoṁ h-árd ní hé aṁáin ó ṫaoḃ Gaeilge, aċ ó ṫaoḃ ealaín na drámaíoċta, agus an aisteoireaċt, agus a ċífí in aon aṁarclann girmeaċ i mBaile Áṫa Cliaṫ. nó in áit ar biṫ eile. Ba é "An Stráinséar Duḃ" seo, an ceann a dtug an moltóir Sasanaċ, naċ raiḃ focal Gaeilge aige, an oiread sin molta dó i gCill Airne, nuair a ċúisiġ sé muintir Ċill Áirne naċ dtáiniġ siad ag aṁarc ar an dráma a b'ḟearr a léiríoḋ ag an bFéile.

Fuair Cumann Drámaíoċt Cloiċeannaola an ċéad duais i Leitir Ceanainn, leis "Na Poachéirí" agus taréis sin arís fuair siad an ċéad duais i gCúige Ulaḋ, in Ardṁaċa, le h-árd ṁolaḋ.

Muna mbeaḋ aon rud eile déanta ag Féile Drámaíoċt an Oireaċtais, aċ an dá ḟoireann seo a ṫabairt go Baile Áṫa Cliaṫ agus iad a ċur ar an ardán, do ṗobal na caṫraċ, b'ḟiú an Ḟéile Drámaíoċta sin a beiṫ ann.

Dé Saṫairn seo caite, bí léiriú lár-lae ann de "An Páidín Mangaire" ó Ċumann Drámaíoċta an Spidéil, agus níl de loċt againn air, aċ naċ raiḃ sé ḋá léiriú san oíċe nuair a beaḋ cuma níos fearr ar an Aṁarclann, agus slua níos fearr abálta a beiṫ i láṫair. Ba trua gur socraíoḋ amlaiḋ.

Agus focal molta fosta, do ḋráma eile, ag an léiriú seo — "An Fear a Ṗós Balḃán" ó Aisteoirí na Maolruaiḋe. Is maiṫ a feiceáil go bfuil caiġdeán na h-aisteoireaċta agus léiṫeoireaċta ċoṁ h-árd agus atá, ins na Gaeltaċtaí faoi seaċ. Is beag do Ġaeilge atá le feiceáil ar scannáin nó ar telefís. Is beag atá le feiceáil ins na páipéirí nuaíoċta agus na tréiṁseaċáin, aċ seo bealaċ aṁáin, féidir caiṫeaṁ aimsire agus ealaíntóireaċt tré Gaeilge a ṡoláṫar, agus ba ċeart gaċ cabair agus cuidiú ab' ḟéidir, a ṫabairt do na foirne drámaíoċt as na Gaeltaċtaí mar seo.

Seo iad na trí foirne a léiriġ insan Damer, go bfuil an mianaċ insan Ġaeltaċt, agus gur fiú go maiṫ an cabair seo a ṫabairt dóiḃ.

Ar ḋráma eile a leiríoḋ insan Damer, agus ar ċuireamar an spéis ar fad ann, bí "An Tincéir Buí," a léiriġ Cumann Gaelaċ Ollscoil na Ríona, Béal Feirste. Is maiṫ agus is fiúntaċ an obair atá ḋá ḋéanaṁ ar son na Gaeilge agus ar son na drámaíoċta in Ollscoil na Ríona.

Ṫaitin "Céad Feaḋ Síos", ó Ċraoḃ Uí Ġraḋna, Muilleann Cearr, linn ċoṁ maiṫ.

Ṁeasas go raiḃ "An Giall" rud beag ró ṫrom do Ċumann Drámaíoċta Doċais, aċ, bí an "Lasair Coille" ó Ċraoḃ an Ċeitinniġ taiṫneaṁaċ, ó ṫús go deireaḋ.

Ba ṁór an saoṫar a ċur Aisteoirí Breannáin. Luimneaċ, in "Diarmuid agus Gráinne" agus cé go raiḃ an dráma pas beag trom díoḃa, ċuireadar treasna go maiṫ é.

Ba deas an rud na h-imirceoirí a feiceáil ṫar n-ais ag glacaḋ páirt insan Ḟéile, nuair a léiriġ Conraḋ na Gaeilge i Londain — "Súile sa Doṙċadas." Agus ba ṁaiṫ a rinne siad é.

Fód Duḃ

An tseaċtain seo caite. tugaḋ oibrí taisteálaċ, darḃ ainm Liam Ó Baoill, a bí na ċónaí in Imleaċ Beag, ós coṁair Cúirt Speisialta i mBéal an Ṁuirṫid roiṁ S. S. Nealion, F.S. Cúisíoḋ é as a beiṫ ciontaċ ar loit a ḋéanaṁ ar Proinnsias Bairéad, Fód Duḃ, le intinn doċar mór coirp a ḋéanaṁ dó. D'éiriġ an cás as rud a ṫárla ag damsa ag Fód Duḃ oíċe Domnaċ Cásca nuair a cuireaḋ scian i bProinnsias Bairéad. ar taoḃ a ċinn.

Ligeaḋ Ó Baoill amaċ ar bannaí ag an Ċúirt Speisialta Dé Máirt, go dtí an ċéad Ċúirt Dúiċe i mBéal an Ṁuirṫid i mí Bealtaine. Taréis freastal doċtúra, ligeaḋ Bairéad na baile.